Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0095(COD)**

9308/23
ADD 1

LIMITE

PROCIV 29
JAI 605
COHAFA 52
FIN 526
CODEC 844
CADREFIN 62

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8322/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta<br>*- Cur chuige ginearálta*<br>*- Ráiteas* |

**Ráiteas ón gComhairle**

Is díol sásaimh don Chomhairle an togra ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2023 chun Cinneadh 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (an Cinneadh) a leasú.

Tacaíonn an Chomhairle go hiomlán leis an gcuspóir síneadh a chur leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 35 den Chinneadh, chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas leanúint de thacaíocht éigeandála a chur ar fáil do na Ballstáit chun falscaithe a chomhrac trí na hacmhainneachtaí a forbraíodh faoin aistriú 'rescEU', nó go mbeidh fáil ar fhlít buan aerchomhraic dóiteán foraoise na hEorpa.

Tugann an Chomhairle dá haire, agus é ina ábhar imní di, an baol méadaitheach a bhaineann le falscaithe san Aontas agus an fhorbairt go bhfuil falscaithe ag éirí níos minice agus níos déine mar thoradh ar an ardú ar theochtaí agus ar thréimhsí fada triomaigh. Mar gheall ar thionchar an athraithe aeráide, meastar nach leanfaidh an treocht sin ach sna blianta amach romhainn.

I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a phráinní agus a thábhachtaí atá an modhnú atá beartaithe ar an gCinneadh, chun a áirithiú go mbeidh acmhainneachtaí leordhóthanacha aerchomhraic dóiteáin ar fáil go tapa tar éis shéasúr falscaithe 2024 trí 'aistriú rescEU'. Chuige sin, ní mór an leasú ar an gCinneadh a ghlacadh go pras, i gcás ar bith roimh dheireadh an téarma reachtaigh reatha.

Ar na cúiseanna sin, chinn an Chomhairle a seasamh a ailíniú le seasamh an togra ón gCoimisiún agus is é is aidhm di Airteagal 35 den Chinneadh amháin a leasú.

Tá an Chomhairle tiomanta go hiomlán don chaibidlíocht reachtach a thabhairt chun críche go pras ar an mbonn sin, agus iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa cur chuige comhoiriúnach a ghlacadh.

PUBLIC